Clár Náisiúnta Traenála do Bhoird Bhainistíochta (Bunscoileanna)

Bileoga le Roinnt

Nósanna Imeachta Ceapacháin

NDP National Development Plan 2007 - 2013
Transforming Ireland

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

DRUMCONDRA EDUCATION CENTRE

Márta 2008

Clár Náisiúnta Traenála do Bhoird Bhainistíochta

Modúl 2
Nósanna Imeachta Ceapacháin

2008

Sleamhnán 1

Forbhreathnú

- Nósanna Imeachta Ceapacháin dóibh seo a leanas:
  - Príomhoide
  - Múinteoir Buan
  - Múinteoir ar Théarma Seasta
  - Múinteoir Ionadaíoch
  - Cúntóir Riachtanas Speisialta
  - Foireann Choimhdeach – airíoch, rúnaí 7rl.
- Post Freagrachta

Sleamhnán 2

Cáipéisí Riachtanacha

- Comhdhéanamh na mBord & Na Rialacha Imeachta, ROE 2007 *(N.B. Aguisín D lth. 34)*
- Boird Bhainistíochta Bunscoileanna - Lámhleabhar Eolais, ROE 2007
- Lámhleabhar CPSMA, 2007
- Bileog: Liosta de chiorcláin & cháipéisí gaolmhara eile

Sleamhnán 3

Roghnú & Ceapadh - Príomhoide & Múinteoirí

- **Post Bailí Ciorclán 0010/2008**
- **Beidh aon cheapachán déanta ag an mBord Bainistíochta…**
  - **de réir na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta**
  - **de réir na Reachtaíochta Fostaíochta**
  - **faoi réir réamhcheadaithe ón bPátrún**
  - **faoi réir ceadaithe ón ROE**
  - **faoi réir riachtanas maidir le cáilíochtaí múinteoirí**
- **Bord Roghnúcháin ceaptha**

Sleamhnán 4

Fógraíocht - Príomhoide

- Is féidir feidhm a bhaint le héifeacht láithreach as láithreáin ghréasáin le haghaidh fógraíocht i gcomhair postanna múinteoireachta mar mhalairt ar an gcleachtas reatha ó thaobh fógráin a chur sna nuachtáin náisiúnta
- Mar bheart eatramhach, ní mór freisin leagan giorraithe a chur i nuachtán náisiúnta. Críochnóidh an ceanglas seo le héifeacht ó 1 Eanáir, 2009
- Foireann teagaisc uile na scoile, lena n-áirítear na baill foirne ar saoire, a chur ar an eolas faoin bpost
- Níor chóir folúntais do Phríomhoidí a fhógairt i mí Iúil nó mí Lúnasa ach i gcás éigeandála agus tar éis dul i gcomhairle leis an bPátrún/comhlacht pátrúin/CME.

Sleamhnán 5

Múinteoirí Buana & ar Théarma Seasta

- Maidir le folúntais:
  - cuirfear in iúl d'fhoireann teagaisc uile na scoile iad
  - déanfar iad a fhógairt i nuachtán laethúil amháin ar a laghad ***nó***
  - féadfar iad a fhógairt ar www.educationposts.com, www.staffroom.ie *nó* www.eteach.ie agus fógra gearr a chur i nuachtán náisiúnta

Sleamhnán 6

Fógra

Luafaidh an fógra

1. **Ainm, seoladh & pátrúnacht na scoile**
2. **Líon na bpost teagaisc, lena n-áirítear post príomhoide**
3. **Cineál an fholúntais (príomhoide/post teagaisc)**
4. **Stádas an phoist *(buan, téarma seasta nó ionadaíoch)***

Sleamhnán 7

Fógra *ar lean…*

5. **Dáta deiridh d'iarratais a bheith faighte**
6. **Dáta tosaithe an phoist**
7. **An gá CV a sholáthar leis an iarratas**
8. **An bhfuil gá le teistiméireachtaí breise 7rl.**

Sleamhnán 8

Fógra *ar lean…*

Féadfaidh sé na nithe seo a leanas a lua freisin:

- Dualgais thosaigh – *Tacaíocht Foghlama, Múinteoir Acmhainne, Múinteoir Acmhainne don Lucht Siúil*
- An gcoinneofar liosta chun folúntais sa todhchaí a líonadh?
- An bhfuil gá le clúdach litreach ar a bhfuil seoladh an iarrthóra agus stampa?

- "Iarratas" a mharcáil go soiléir ar an gclúdach litreach

Sleamhnán 9

Bord Roghnúcháin – *Comhdhéanamh*

- **Post príomhoide:**
  - **Cathaoirleach an Bhoird agus 2 mheasúnóir neamhspleácha ar a laghad ainmnithe ag an bPátrún**
  - **Cothromaíocht Inscne**
- **Post teagaisc**
  - **Cathaoirleach, Príomhoide agus 1 mheasúnóir neamhspleách ainmnithe ag an bPátrún**
  - **Príomhoide ainmnithe má tá múinteoir á roghnú sula nglacann príomhoide nua lena dhualgas/dualgas**
  - **Cothromaíocht Inscne**

Sleamhnán10

Bord Roghnúcháin – *Comhdhéanamh*

Cúntóir Riachtanas Speisialta:

- Cathaoirleach an Bhoird, Príomhoide agus measúnóir seachtrach amháin ainmnithe ag an bPátrún

Poist Airígh, Rúnaí:

- Cathaoirleach an Bhoird, Príomhoide agus measúnóir seachtrach amháin ainmnithe ag an mBord
  - Cothromaíocht Inscne

Sleamhnán 11

Nochtadh leasa…

Maidir le ball den Bhord a bhfuil caidreamh aige nó aici le duine atá ag iarraidh a bheith ceaptha ag an mBord mar mhúinteoir nó mar bhall eile d'fhoireann na scoile, lena n-áirítear an príomhoide,

- **Nochtfaidh an ball sin don Bhord go bhfuil caidreamh ann**
- **Cineál an chaidrimh**
- **Ní ghlacfaidh sé nó sí páirt in aon bhreithniúchán nó cinneadh ón mBord i ndáil leis an gceapachán**
- **Taifeadfar an nochtadh agus an cinneadh sna miontuairiscí**

Sleamhnán 12

Nochtadh leasa ar lean

Ceanglaítear ar bhaill an Bhoird leas a nochtadh, ní amháin i gcás caidreamh teaghlaigh ach i ndáil le haon chaidreamh a d'fhéadfadh a bheith dochrach maidir le cinntiú na neamhchlaontachta absalóidí sa phróiseas roghnúcháin

Taifeadfar an nochtadh agus an cinneadh sna miontuairiscí

Sleamhnán 13

Gearrliosta a chruthú…

[Cuir stampa dáta ar gach iarratas de réir mar a fhaightear é]

- Cuirfidh an Cathaoirleach na hiarratais chomhlánaithe **uile** faoi bhráid an bhoird roghnúcháin
- Miontuairiscí de chruinnithe an Bhoird Roghnúcháin coinnithe

Sleamhnán14

Gearrliosta a chruthú *ar lean,*

Buailfidh an Bord Roghnúcháin le chéile a luaithe is indéanta –

Aguisín D 3 A (ii) agus 3B (iii)

Chun dul i dtaithí ar:

- tuairisc ar phost - tascanna agus freagrachtaí
- sonraíocht an duine – inniúlachtaí atá riachtanach chun na tascanna seo a dhéanamh go maith

Sleamhnán 15

An t-iarrthóir idéalach!

- Ba chóir na critéir roghnaithe a bheith nasctha go díreach leis an tuairisc ar an bpost
- Maidir le gach critéar liostaithe, déan cur síos ar na hinniúlachtaí príomhúla
- Déan idirdhealú idir scileanna agus inniúlachtaí riachtanacha (gan iad ní bheadh iarrthóir in ann an post a dhéanamh) agus scileanna agus inniúlachtaí inmhianaithe (is buntáiste é má tá na scileanna sin acu)
- Cuir isteach aon fachtóirí tábhachtacha eile atá ábhartha

Sleamhnán 16

Bord Roghnúcháin

- **Socróidh an Bord Roghnúcháin critéir chun na hiarrthóirí a mheasúnú –**
  - ***tabharfaidh siad aird ar na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta***
  - ***riachtanais an phoist***
  - ***forálacha na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 – 2007***
  - ***Cód cleachtais an Údaráis Chomhionannais***
- **Taifid coinnithe de na critéir mheasúnaithe**

Sleamhnán 17

Teistiméireachtaí a Sheiceáil

Critéar éigeantach

- Is critéar éigeantach atá anseo mar chuid den bpróiseas
- Féadfar glaoch gutháin a dhéanamh ina dhiaidh teistiméaracht scríofa a fháil
- Cruthaigh sraith ceisteanna bunaithe ar an tsonraíocht poist agus na hinniúlachtaí atá á lorg agus cuir na ceisteanna sin ar an duine a thug an teistiméireacht
- Faigh soiléiriú ar leibhéal, doimhneacht agus raon na taithí agus na scileanna léirithe ag an iarrthóir

Sleamhnán 19

Agallaimh

- Má tá triúr iarrthóir incháilithe nó níos lú - ní mór don Bhord Roghnúcháin iarraidh orthu uile freastal ar agallamh
- Má tá níos mó ná triúr iarrthóir incháilithe - ní mór iarraidh ar thriúr ar a laghad freastal ar agallamh

Sleamhnán 20

Cuireadh chun Agallaimh

- Maidir le hiarrthóirí a fhaigheann cuireadh chun agallaimh, tabharfar dóibh
  - fógra 7 lá **ar a laghad**
  - am agallaimh sonrach lasmuigh d'uaireanta scoile
  - Cóip de chritéir an phoist
  - Faisnéis faoin scoil
  - Treoracha chuig suíomh an agallaimh

Sleamhnán 21

Agallamh

Cóipeanna do gach ball den bhord roghnúcháin de:

- Fógra
- Critéir an phoist
- Litreacha, CV, tuairiscí ó chigirí, cóipeanna de theistiméireachtaí na n-iarrthóirí, de réir mar is cuí
- Ceisteanna aontaithe
- Sceideal marcála
- Clár ama

Sleamhnán 22

Timpeallacht

- Suíomh - seomra cuí le teas, soilsiú agus aerú maith
- Clár ama do na hagallaimh
- Ainmneacha na ndaoine ar an mBord
- Uisce
- Cathaoir chompordach ar comhairde le cathaoireacha na n-agallóirí agus achar compordach uathu
- Cosc ar chur isteach
- Áit fheithimh atá compordach agus príobháideach mar is cuí
- Fáilteoir - ról

Sleamhnán 23

Struchtúr an Agallaimh

- Ní mór agallamh a struchtúrú
- Caithfidh na ceisteanna a bheith nasctha go díreach le cuspóir an agallaimh
- An t-agallamh a sceidealú
  - Am
    - go leor ama – agallamh, plé
    - ná déan an iomarca agallamh a sceidealú in aon lá amháin

Sleamhnán 24

Agallamh a Dhéanamh

- Cothaigh caidreamh cairdiúil
- Faigh faisnéis
  - Cuir ceisteanna agus féach ar an iarrthóir
    - ceisteanna oscailte
    - ceisteanna tóraíochta
    - ceisteanna dúnta
- Roimh dheireadh an agallaimh
  - deis ag an iarrthóir ceisteanna a chur agus aon bhearna fágtha a líonadh
- Meastóireacht i ndiaidh gach agallaimh - cuir am i leataobh di

Sleamhnán 25

Ról an Chathaoirligh...

- Cuir fáilte roimh an iarrthóir
- Cuir ainmneacha an bhoird in iúl don iarrthóir agus mínigh cé atá ar an mbord
- Stiúir an t-agallamh
- Déan cinnte go seachnaíonn na baill uile claontacht agus idirdhealú
- Cuir ceisteanna breise faoi aon phointí ar gá iad a shoiléiriú i ndiaidh do bhaill an Bhoird Roghnúcháin críochnú

Sleamhnán 26

Ról an Chathaoirligh... *ar lean,*

- Ag deireadh an agallaimh, cuir ceist ar an iarrthóir faoi
  - Aon phointí ar mhian leis/léi a lua chun tacú lena (h)iarratas
  - Aon rud ar mhian leis/léi cur lena f(h)reagraí
  - Aon cheisteanna atá aige/aici le cur ar an mbord roghnúcháin
- Déan cinnte go gcoinnítear nótaí
  - Taifead scríofa de na ceisteanna a cuireadh
  - Meastóireacht an bhoird roghnúcháin i ndáil le gach iarrthóir
- Déan cinnte go gcomhlíontar an reachtaíocht
- Cuir deireadh leis an agallamh ar bhealach aoibhiúil

Sleamhnán 27

Measúnú agus Scóráil

- Tá gach critéar leithleach - níor chóir go mbeadh forluí i gceist
- Tabhair ualú do gach critéar chun an tábhacht a bhaineann leis a léiriú *i.e. d'fhéadfadh critéar amháin a bheith dhá uair níos tábhachtaí ná critéar eile*

Sleamhnán 28

Modh Measúnaithe

- Bileog mharcála tacaithe le nótaí
- De ghnáth, áirítear ar nótaí
  - **Tagairtí do fhreagraí ar cheisteanna**
  - **Fianaise tugtha i dtéarmaí na gcritéar**
  - **Measúnú tríd is tríd ar oiriúnacht an iarrthóra don phost i gceist**

Sleamhnán 29

Taifead & Nótaí a Choinneáil

- Léiríonn an taighde nach n-éiríonn go maith le hagallóirí cuimhneamh ar fhaisnéis a chuala siad le linn agallaimh
- Ní féidir brath ar an gcuimhne leis féin
- Tá gá le:
  - achoimrí rialta
  - struchtúr maith
  - nótaí cruinne
- Nótaí a thógáil fad is a choinnítear teagmháil súl
  - focail thábhachtacha idir comharthaí athfhriotail
  - i ndiaidh agallaimh, scríobh achoimre dea-struchtúrtha

Sleamhnán 30

Seachain Idirdhealú

- Déan cinnte go bhfuil an Bord Roghnúcháin eolach ar Reachtaíocht Comhionannais – 9 gcúiseanna
- Cuir na ceisteanna lárnacha comhcosúla ar na hiarrthóirí uile
- Déan iarrthóirí a mheasúnú i gcoinne gach critéir ar leithligh
- Tabhair marcanna agus ansin déan é a phlé
- Coinnigh taifid ar feadh dhá mhí dhéag

Sleamhnán 31

Iarrthóirí in ord

- Déan na hiarrthóirí a mheastar bheith oiriúnach a liostú in ord fiúntais
- Féadfar liosta d'iarrthóirí (múinteoirí buana agus ar théarma seasta ach ní príomhoidí) in ord fiúntais atá oiriúnach a chur faoi bhráid an Bhoird le bheith úsáidte má tá folúntais bhreise sa scoil
- Ní féidir liosta dá leithéid a thiomsú ach amháin má luaitear san fhógra go ndéanfar é sin - bailí ar feadh 4 mhí.

Sleamhnán 32

Ceapachán: *Príomhoide, Múinteoir, Cúntóir Riachtanas Speisialta*

- Tuairisc scríofa chuig an mBord - ainmnigh an t-iarrthóir is oiriúnaí
- Cruinniú an Bhoird
- Ceapann an Bord duine
- Lorgaíonn an Cathaoirleach formheas i scríbhinn don cheapachán ón bPátrún

Sleamhnán 33

Iarrthóirí a Chur ar an Eolas

- Formheas faighte ón bPátrún – cuir an t-iarrthóir rathúil ar an eolas
- Cuirtear iarrthóirí nár éirigh leo ar an eolas nuair a fhaigheann an Bord Bainisíochta fógra scríofa ón iarrthóir rathúil ag rá go nglacfaidh sé nó sí leis an bpost
- Líonann an t-iarrthóir an ceistneoir sláinte
- Comhlánaíonn an cathaoirleach agus an t-iarrthóir rathúil an fhoirm athbhreithnithe, PTAF1, agus cuireann siad ar aghaidh chuig an ROE í
- Ceadú ón ROE
- An t-aontú cuí a dhéanamh - conradh

Sleamhnán 34

Iarrthóirí a Chur ar an Eolas *ar lean,*

Cúntóir Riachtanas Speisialta

Iarratasóir rathúil roimh post a ghlacadh

- **Deimhniú d'fholláine leighis**
  - **Ciorclán PEN 2/04 caithfidh na daoine nua-cheaptha uile scrúdú leighis a fháil (ar a gcostas féin) déanta ag dochtúir atá ainmnithe chun na críche sin ag údaráis na scoile – Aguisín II a ghabhann le Ciorclán Pen2/04**
- **Dearbhú go ndearna an GCVU an Cúntóir Riachtanas Speisialta a réamhscrúdú - Aguisín A Foirm um Eolas a thabhairt faoi cheapachán - ceapachán sealadach go dtí go bhfaightear an dearbhú**

Sleamhnán 35

Cáipéisí coinnithe

- Fógra
- Critéir chomhaontaithe don phost
- Critéir don ghearrliosta
- Ceisteanna measúnaithe
- Bileoga marcála indibhidiúla & comhiomlána do gach iarrthóir
- Tuairiscí agus nótaí an bhoird roghnúcháin
- Cinneadh an bhoird roghnúcháin
- Tuairisc scríofa chuig an mBord – sínithe
- Cóip den litir chuig Pátrún ag lorg formheas scríofa don cheapachán

Sleamhnán 36

Cáipéisí coinnithe *ar lean,*

- Litir formheasa ón bPátrún
- Litir ag tairiscint an phoist don iarrthóir formheasta ag an bPátrún
- Cóip de litir ag cur in iúl don ROE gur thug an Pátrún formheas scríofa don cheapachán
- Cóip de litir ag cur in iúl don ROE go bhfuil an próiseas tugtha chun críche
- Litir ón iarrthóir ag glacadh leis an bpost
- Foirm cheapacháin – ROE (cóip den fhoirm bhunúsach)

Sleamhnán 37

Conradh Fostaíochta

Conradh ar Théarma Seasta

- Cuir isteach cúiseanna oibiachtúla
- Cuir isteach an dáta tosaithe agus an dáta deiridh
- Coinnigh i gcomhad é & tabhair cóip don mhúinteoir

Múinteoir Buan

- Foirm chomhaontaithe chomhlánaithe
- Coinnigh i gcomhad í & tabhair cóip don mhúinteoir

Sleamhnán 38

Ceapacháin nua – Téarmaí & Coinníollacha

- ainm agus seoladh iomlán an fhostóra
- ionad oibre
- teideal an phoist
- sonraí an chonartha
- dáta tosaithe na fostaíochta
- sonraí na dtréimhsí sosa agus sosanna atá faoi cheangal dlí

Díospóidí:

- Gearáin
- Nós imeachta gearáin & smachta
- Idirghabháil
- Dífhostú

Pinsin

[Ba cheart don fhostóir ceisteanna sláinte agus sábháilteachta a shoiléiriú]

Sleamhnán 39

An Dlí.....

Foinsí príomhúla díospóidí

- Cothromaíocht inscne ar na boird agallóireachta
- Glacadh le hábhar i ndiaidh an dáta deiridh
- Fógraíocht – múinteoirí ar saoire
- Ceistiú idirdhealaitheach
  - go dtí seo ar cheisteanna inscne, aoise agus míchumais den chuid is mó
- Sárú nós imeachta

Sleamhnán 40

Achoimre

- Sonraíocht an phoist agus an duine
- Déan critéir roghnúcháin a aithint bunaithe ar shonraíocht an duine
  - inniúlachtaí
  - ualú coibhneasta
- Glac cur chuige struchtúrtha
  - ceisteanna ullmhaithe chun an fhaisnéis/fianaise ábhartha a fháil
- Déan an fhianaise a fhaightear a mheasúnú i gcoinne na gcritéar roghnúcháin
- Déan an Scéim Mharcála a chomhlánú de réir na gCritéar Roghnúcháin
- Tóg nótaí agus coinnigh iad

Sleamhnán 41

Poist Freagrachta:

Leas-Phríomhoide
Príomhoide Cúnta
Dualgais Speisialta

Sleamhnán 42

Comhairliúchán maidir le dualgais

Déanann príomhoide comhairliúchán leis an bhfoireann chun:

- Sceideal dualgas a aontú
- Cuirtear an sceideal molta dualgas faoi bhráid an Bhoird
- Ceadaíonn an Bord é & cuireann sé an fhoireann ar an eolas
- Déantar an post a fhógairt i ndiaidh chruinniú an Bhoird

Sleamhnán 43

Fógra

- Fógra faoin fholúntas curtha suas sa seomra foirne – rochtain ag an bhfoireann uile air
- Ní mór eolas faoin bhfógra a sheoladh le post cláraithe chuig na múinteoirí uile ar saoire
- Caithfidh sceideal aontaithe na ndualgas a bheith san áireamh san fhógra
- Fógartha ar feadh 5 lá scoile as a chéile
- Sonraigh an dáta deiridh le hiarratais a bheith faighte – (10 lá scoile ón dáta deiridh ar a bhfuil an fógra ar taispeáint)
- Ní mór do mhúinteoirí iarratais a chur isteach i scríbhinn

Sleamhnán 44

Nósanna Imeachta Ceapacháin

Teidlíocht múinteoirí chun iarratais a chur isteach

- Múinteoirí cáilithe buana agus sealadacha – (lena n-áirítear le haitheantas sealadach agus srianta)
- Múinteoirí ar shaoire cheadaithe – sos gairme, ar iasacht, saoire tuismitheora, saoire chúramóra, saoire bhreoiteachta, saoire mháithreachais, saoire uchtaíoch, etc.
- Poist a Roinnt
- Post roinnte – scoil bhunáite amháin

Sleamhnán 45

Critéir – Ciorclán 07/03

Úsáidfear trí chritéar, chun an t-iarrthóir rathúil a roghnú, agus beidh ualú comhionann ag gach ceann acu:

- Toilteanas páirt a ghlacadh i struchtúir mheánbhainistíochta na scoile trí ghlacadh leis na freagrachtaí breise sonraithe i liosta na ndualgas
- Taithí faighte mar thoradh ar fhad na seirbhíse sa scoil
- Cumas na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

Sleamhnán 46

Fad Seirbhíse

- Níl cead neamhláithreachta ar feadh 1 scoilbhliain nó níos mó tógtha i ndiaidh 1.09.1999 inríofa
- Tá cead neamhláithreachta ar feadh tréimhsí níos lú ná scoilbhliain inríofa, agus déantar an bhliain i gceist a chomhaireamh mar bhliain iomlán
- Ní ionann saoire mháithreachais, saoire mháithreachais gan phá, saoire uchtaíoch, saoire uchtaíoch gan phá, saoire in ionad saoire uchtaíoch, saoire tuismitheora agus saoire bhreoiteachta dheimhnithe agus cead neamhláithreachta de réir an chiorcláin seo

Sleamhnán 47

Fad Seirbhíse *ar lean,*

- Seirbhís ionadaíoch/shealadach curtha ar fáil sa scoil ar feadh íosmhéid 60 lá inríofa mar bhliain iomlán
  - faoi réir fíoraithe
- Tá post atá roinnte inríofa mar 1 bhliain
- Tá seirbhís curtha ar fáil i scoil sula ndearnadh í a chónascadh leis an scoil reatha inríofa

Sleamhnán 48

Bord Roghnúcháin

- Bord 3 duine
  - Cathaoirleach, Príomhoide, Measúnóir Neamhspleách ó liosta aontaithe
- Caithfear agallamh a chur ar na hiarrthóirí uile, fiú amháin mura bhfuil ach iarrthóir amháin

Sleamhnán 49

Agallamh

- **Bileog mharcála tacaithe le nótaí**
- **De ghnáth, áirítear ar nótaí**
  - Tagairtí d'fhreagraí ar cheisteanna
  - Fianaise tugtha i dtéarmaí na gcritéar

Sleamhnán 50

Marcáil

- An modh is trédhearcaí ná an téarma seirbhíse is faide i measc na n-iarrthóirí a dhearbhú agus é sin a chur mar an marc do gach ceann de na trí chritéar e.g.
  - **Múinteoir 1 - 18 mbliana**
  - **Múinteoir 2 - 20 bliain**
  - **Múinteoir 3 - 5 bliana**
- 20 marc do gach critéar. 60 marc san iomlán intuillte ag gach iarrthóir

Sleamhnán 51

Ceapachán

- Cruinniú Boird - tuairisc scríofa ón mbord roghnúcháin chuig an mBord ag moladh cheapadh an iarrthóra rathúil/na n-iarrthóirí rathúla má tá níos mó ná post amháin i gceist
- Bord Bainistíochta
  - rún an post a thairiscint don iarrthóir/do na hiarrthóirí ainmnithe curtha ar chlár na bhfógraí
  - 10 lá scoile le hachomharc a dhéanamh
  - Mura ndéantar achomharc
    - dearbhaítear an ceapachán
    - conradh
    - cuirtear an ROE ar an eolas – foirm leasúcháin Post Freagrachta
  - Má dhéantar achomharc - cuir an nós imeachta achomharc i bhfeidhm

Sleamhnán 52

Próiseas Achomhairc

- Ní mór litir achomhairc a chur faoi bhráid an chathaoirligh laistigh de 10 lá scoile
- Ní mór don litir achomhairc na forais achomhairc a lua e.g.:
  - **sárú líomhanta nós imeachta**
  - **easpa cothroime maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar**
  - **easpa comhairliúcháin agus aontaithe**
  - **eile…**

Sleamhnán 56

Próiseas Achomhairc *(ar lean)*

- Tugann an Cathaoirleach freagra tosaigh ar an achomharcóir le post cláraithe laistigh de **10 lá scoile**
- Má theastaíonn ón achomharcóir leanúint ar aghaidh, ní mór dó/di an cathaoirleach a chur ar an eolas laistigh de **5 lá scoile.**

Sleamhnán 57

Próiseas Achomhairc *(ar lean)*

- Nuair a théann an t-achomharc ar aghaidh
  - Déanann an cathaoirleach teagmháil leis an bPátrún agus le hionadaí CEC CMÉ chun Bord eadrána a bhunú
- Ceaptar an Bord Eadrána:
  - Ainmní an Chomhlachta Pátrúin
  - Ainmní CMÉ
  - Cathaoirleach aontaithe

Sleamhnán 58

Próiseas Achomhairc *(ar lean)*

Laistigh de 5 lá scoile, cuireann Cathaoirleach an Bhoird 3 chóip de na cáipéisí ábhartha uile faoi bhráid Chathaoirleach an Bhoird Eadrána, lena n-áirítear

- **litir achomhairc**
- **bileoga marcála ar bhonn rúnda**

Sleamhnán 59

Próiseas Achomhairc *(ar lean)*

Eagróidh an Bord Eadrána éisteacht gan mhoill

- tabharfar cuireadh don achomharcóir
- freagróirí i.e. an Bord Bainistíochta
- finnéithe más ann dóibh

Sleamhnán 60

Próiseas Achomhairc *(ar lean)*

Cinnteoidh an Bord Eadrána

- go gcuirtear na gnáthrialacha uile maidir le próis chuí agus nósanna imeachta cothroma i bhfeidhm
- tabharfar cóip de na cáipéisí uile do na páirtithe uile roimh an éisteacht
- soiléireoidh cathaoirleach an Bhoird Eadrána na nósanna imeachta a úsáidfidh sé/sí
- tabharfaidh an Bord Eadrána cuireadh chun na héisteachta do na páirtithe uile agus tabharfar fógra réasúnta dóibh

Sleamhnán 61

Próiseas Achomhairc *(ar lean)*

- Beidh an t-achomarcóir i dteideal a bheith i gcuideachta agus a bheith cabhraithe ag duine eile a roghnaíonn sé nó sí
- Tabharfar deis do gach páirtí a chás a chur faoi bhráid an Bhoird Eadrána
- Beidh an Bord Eadrána i dteideal ceist a chur ar gach páirtí nó faisnéis bhreise a lorg

Sleamhnán 62

Próiseas Achomhairc *(ar lean)*

- Nuair is cuí, tabharfaidh an Bord Eadrána deis do gach páirtí faisnéis bhreise a sholáthar, ar an tuiscint shoiléir go mbeidh deis ag an bpáirtí eile freagairt don fhaisnéis sin
- Is féidir dul ar atráth más gá

Sleamhnán 63

Próiseas Achomhairc *(ar lean)*

Imíonn an Bord eadrána chun an cás a bhreithniú

- Má dhiúltaítear don achomharc – ní thaifeadtar ach an cinneadh sin
- Má sheasann an Bord leis an achomharc – cuirtear comhairle ar an mBord faoin bpointe ag ar chóir an próiseas a atosú
  - **comhairliúchán tosaigh/leithdháileadh dualgas**
  - **céim fhógraíochta**
  - **céim agallóireachta**

Sleamhnán 64

Cinneadh an Bhoird Eadrána

- Cuireann Cathaoirleach an Bhoird Eadrána an cinneadh in iúl -
  - do Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta
  - don Achomharcóir
  - don Phátrún
- Tá cinneadh an Bhoird Eadrána críochnaitheach agus ceangailteach

Sleamhnán 65

Cúiseanna Achomhairc

- Sárú nós imeachta
- Cineál an phróisis chomhairliúcháin
- Ba chóir go mbeadh na cineál dualgas cuimsitheach
- Dualgais róthroma
- Fógraíocht na bpost – níor cloíodh le spriocdhátaí
- Ní raibh an measúnóir neamhspleách ó liosta aontaithe

Sleamhnán 66

Cúiseanna achomhairc *(ar lean)*

- Ní raibh sé soiléir cén post a raibh breithniú á dhéanamh ina leith i gcás inar eagraíodh agallaimh chomhuaineacha
- Scéim marcála
  - Ríomh fhad na seirbhíse
- Claonadh léirithe i leagan amach na ndualgas nó i gcur i bhfeidhm na gcritéar

Sleamhnán 67

Leabharliosta

- Bunreacht & Rialacha Imeachta ROE 2007
- Lámhleabhar Faisnéise ROE 2007
- Lámhleabhar CPSMA 2007
  - lch 101 – seicliosta do phost príomhoide
  - lch 103 – seicliosta do phost múinteora
- Leabhráin & Ciorcláin na Roinne *www.education.gov.ie*
- Treoir faoi Dhlí Fostaíochta *www.entemp.ie*

Sleamhnán 68

Liosta Eagraíochtaí agus Acrainmneacha

Eagraíochtaí

An Bord Oideachais	Bord Oideachais Eaglais na hÉireann, Teach Eaglais na hÉireann, Ascaill na hEaglaise, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6 Teil: 01 497 8422
CBBC	Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha, Coláiste Phádraig, Má Nuad, Co Chill Dara. Teil: 1850 – 407200 ríomhphost: info@cpsma.ie láithreán gréasáin: www.cpsma.ie
ROE	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Sráid Marlborough, Baile Átha Cliath 1 Teil: 01 889 6400 ríomhphost: info@education.gov.ie láithreán gréasáin: www.education.ie
Ag Foghlaim le Chéile	Ag Foghlaim le Chéile, H8a Lárphointe, Céide na Darach, Baile Átha Cliath 12 Teil: 01 429 2500 ríomhphost: info@educatetogether.ie láithreán gréasáin: www.educatetogether.ie
Foras Pátrúnachta	Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge Teo, 92 Bóthar Sheannaigh, Rath Éanaigh, BÁC 5 Teil: 01 8314487 ríomhphost: foraspatrunachta@hotmail.com láithreán gréasáin: www.foras.ie
IMPACT	Ceardchumann: www.impact.ie
CMÉ	Cumann Múinteoirí Éireann: www.into.ie
LPBÉ	Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann: www.ippn.ie
CNCM	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2 Teil: 01 661 7177 ríomhphost: info@ncca.ie láithreán gréasáin: www.ncca.ie
CNOS	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí. Teil: 046 948 6400 ríomhphost: info@ncse.ie láithreán gréasáin: www.ncse.ie

NCTE	Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 9. Teil: 01 700 8200 ríomhphost: info@ncte.ie láithreán gréasáin: www.ncte.ie
SNSO	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Cúirt Fhreidric, 24/27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath1 Teil: 01 889 2700 Láithreán gréasáin: www.education.ie
BNLO	An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais, 16-22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7 Teil: 01 8738700 ríomhphost: info@newb.ie láithreán gréasáin: www.newb.ie
STGB	An tSeirbhís um Thacaíocht Ghairmiúil do Bhunscoileanna, Áras Dolcáin, Bóthar na Mainistreach, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22 Teil: 01 464 2227
STOS	Seirbhís Tacaíochta don Oideachas Speisialta, Ionad um Thacaíocht Oideachais Chorcaí, An Reachtaireacht, An Bóthar Thiar, Corcaigh. Teli: 1850 200 884 ríomhphost: info@sess.ie láithreán gréasáin: www.sess.ie
An Chomhairle Mhúinteoireachta	An Chomhairle Mhúinteoireachta, Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara Teil: LoCall 1890 224 224, 01 651 7900 ríomhphost: info@teachingcouncil.ie láithreán gréasáin: www.teachingcouncil.ie
Rannóg um Oideachas Múinteoirí (ROM)	Rannóg um Oideachas Múinteoirí, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Sráid Marlborough, Baile Átha Cliath 1 *Tá ról ag an aonad seo I ngach tionscnamh náisiúnta.*

Acrainmneacha

PC	Príomhoifigeach Cúnta
BB	Bord Bainistíochta
LP	Leas-Phríomhoide
DEIS	Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna – plean gnímh le haghaidh cuimsiú oideachais
Tús Luath	Is clár bliain amháin é an Clár Tús Luath a chuirtear ar fail le haghaidh páistí idir 3-4 bliana d'aois i scoileanna atá roghnaithe i gceantair atá ainmnithe a bheith faoi mhíbhuntáiste
TBSP	Teagmháil idir Baile, Scoil agus Pobal
PAO	Plean Aonair Oideachais
Cigire	Cigire na Roinne Oideachais agus Eolaíochta
CPAF	Clár Aonair Próifíle agus Foghlama
Múinteoir Príomhshrutha	Múinteoir ranga
CNT	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí
MNC	Múinteoir nuacháilithe
CT	Cumann na dTuismitheoirí
Comhpháirtithe	Tuismitheoirí, An Bord Bainistíochta srl. a bhíonn bainteach le gníomhaíochtaí na scoile
Pátrún	Feidhmíonn scoileanna faoi chomhlacht pátrúin, m.sh. an Eaglais Chaitliceach, Ag Foghlaim le Chéile, Bord Oideachais Eaglais na hÉireann, An Foras Pátrúnachta, An Bord Oideachais Ioslamach …
PF	Post le Freagracht, m.sh. leas-phríomhoide, príomhoide cúnta, múinteoir le dualgais speisialta
MALS	Múinteoir Acmhainne don Lucht Siúil
Lá PFS	Bíonn cead ag gach scoil dúnadh le haghaidh lá amháin chun imeachtaí a eagrú
ERSO	Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais
Múinteoirí i gcomhroinn	Múinteoirí a oibríonn i scoileanna éagsúla chun tacaíocht a thabhairt do leanaí le riachtanais speisialta
SIPTU	Ceardchumann
CRS	Cúntóir Riachtanas Speisialta
Múinteoir le dualgais speisialta	Múinteoirí a bhfuil freagracht speisialta acu i leith saincheisteanna eagraíochta nó curaclaim chomh maith lena ndualgais mhúinteoireachta
Iontaobhaithe	Na daoine atá ainmnithe ag an bPatrún mar iontaobhaithe na scoile. Tá baint acu le léas áitreabh na scoile. Geallann na hIontaobhaithe go leanfar ag baint úsáide as na foirgnimh mar scoil náisiúnta ar feadh théarma an léasa agus dearbhaíonn siad go mbeidh an t-áitreabh agus an mhaoin faoi árachas.
Múinteoirí ar cuairt	*Múinteoirí atá ag obair le daltaí a bhfuil fadhbanna céadfacha acu*
MCLS	*Múinteoir ar cuairt le haghaidh an Luchta Siúil*

Ciorcláin maidir le Roghnúcháin agus Ceapacháin

PTAF1 (Lúnasa 2008)	Foirm Fógra Maidir le Ceapachán Múinteora Bhunscoile
Foirm Iarratais	Foirm Iarratais Caighdeánaithe do Phostanna mar Phríomhoide
Ciorclán 0062/2008	Fógraíocht Ghreasáinbhunaithe
Ciorclán 0010/2008	Ceapachán agus Coimeád Múinteoirí don bhliain scoile 2008-09
Ciorclán 02/02	Cáilitheacht do Cheapachán mar Phríomhoide
Aibreán 2002 (Leabhrán)	Ceapachán Príomhoidí, Múinteoirí Buana agus Múinteoirí Sealadacha
Ciorclán 19/05	Fógra maidir le Poist Phríomhoidí ar *www.publicjobs.ie*
Ciorclán 02/04	Sinsearacht Múinteoirí
Bealtaine 2005 (Leabhrán)	Cearta Painéil do Mhúinteoirí
Ciorclán 25/00	Aitheantas ar Cháilíochtaí
Ciorclán 0105/2006	Fostú Múinteoirí Bunscoile Cáilithe
Ciorclán 03/03	Cúntóirí Riachtanais Speisialta
Ciorclán 10/04	Iontrálaithe Nua
Ciorclán 0094/2006	Socruithe nua maidir le seiceáil a dhéanamh ar an bhfoireann mhúinteoireachta agus ar an bhfoireann nach múinteoirí iad
Ciorclán 0082/2007	An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Cinnte) 2003, (comhaontú leasaithe)
Ciorclán 23/05	Teidlíochtaí Múinteoirí a bhfuil Conarthaí Téarma Cinnte acu (Ceapacháin Shealadacha)
Ciorclán 24/05	An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Cinnte) 2003, *Comhaontú Idirthréimhseach 2005*
Ciorclán 09/06	An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Cinnte) 2003, *Conradh Múinteora ar Tréimhse Éiginnte*
Ciorclán 0104/2006	An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Cinnte) 2003, Céim 2 Dhíospóireacht
Ciorclán 11/04	Caighdeánú na Bliana Scoile - Conarthaí
Ciorclán 0140/06	Riachtanais Phromhaidh do Mhúinteoirí Bunscoile
Cód Cleachtas an Údaráis Chomhionannais maidir le Ciapadh	Tugadh éifeacht dhlíthiúil don chód seo san Ionstraim Reachtúil dar teideal an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 (Cód Cleachtais) (Ciapadh) Ordú 2002 (I.R. Uimh. 78 de 2002)
www.entemp.ie	Treoir do Dhlí Fostaíochta
www.teachingcouncil.ie	Eolas ón gComhairle Múinteoireachta
An tAcht um Comhionannas Fostaíochta	
An tAcht um Stádas Comhionann	
An tAcht Oideachais 1998	

Ceistiú Bisiúil ag Agallaimh Roghnúcháin

Bain úsáid as **Ceisteanna Oscailte** nuair ba mhaith leat…

- tús a chur leis an agallamh
- fáil amach faoi eolas agus taithí an agallaí
- doimhneacht eolas an agallaí a dheimhniú
- measúnú a dhéanamh ar cé chomh deisbhéalach is atá an t-agallaí e.g.
    - *Inis dom faoi…*
    - *Conas a chonacthas duit nuair…*
    - *Ba mhaith liom a chloisteáil faoi*
    - *Inis dom faoin bhfadhb de réir do dhearcaidh féin…*

Bíonn **Ceisteanna Tóraíochta** úsáideach nuair a thugtar freagra neamhiomlán ar cheist tosaigh. Bain úsáid as ceisteanna tóraíochta…

- chun díriú isteach ar reimsí ar díol spéise ar leith leis an agallóir iad ag cur na gceisteanna e.g.
    - *Cad a tharla don phlean?*
    - *Conas a ghlac sé/sí le do mholtaí?*
    - *Conas a imríonn sé sin tionchar ortsa?*
    - *Cén fáth a gceapann tú go n-oibreoidh sé sin?*
- Má bhraitheann tú nach leor an freagra bain úsáid as tóraíocht formhínithe e.g.
    - *Inis dom níos mó faoin gceist*
- Má theastaíonn uait eolas a thug an t-agallaí a shoiléiriú, bain úsáid as tóraíocht soiléirithe *e.g.*
    - *Cad atá i gceist agat le heaspa ceannaireachta?*
- Mura dtugann an t-agallaí freagra iomlán, bain úsáid as tóraíocht aithrise. Go simplí cuir athleagan ar an gceist nó déan aithris uirthi verbatim.

Braitheann tóraíocht éifeachtach ar chumas an agallóra chun…

- éisteacht go maith
- anailís a dhéanamh ar ábhar an eolais a tugadh.

Baintear úsáid as **Ceisteanna Dúnta** chun…

- fíricí a fháil amach
- eolas sonrach a bhaint as an agallamh
- smacht a choinneáil ar an agallamh
- na roghanna freagartha a laghdú e.g.
    - *Cén uair?*
    - *Cén tasc ar mhinice a rinne tú?*
    - *Ce mhéad?*
    - *Ar iarradh ort an tasc sin a chur i gcrích?*

Bain úsáid as **Ceisteanna Beachtais** chun freagraí iarrthóra a fhócasú *e.g.*

- *In aon abairt amháin, cad a bhain tú amach?*
- *Conas a bhí a fhios agat gur éirigh leat?*
- *Cén t-aiseolas a fuair tú?*
- *Ce léis a raibh tú ag súil sa chás seo?*
- *Cad a d'fhoghlaim tú ón eispéireas?*

D'fhéadfaí **Ceisteanna ar Bhonn Inniúlachta** a úsáid chun

- Taithí a chíoradh
  - *An bhféadfá a insint dom faoi am a…*
- Cruthúnais a chíoradh
  - *Cad a rinne tú faoi?*
- Díriú ar Thorthaí
  - *Ar oibrigh sé?*
- Foghlaim a Chuardach
  - *Cad a d'fhoghlaim tú ón eispéireas sin?*
- Ceist a chur faoi Iarratais
  - *Dá mbeadh cás mar sin romhat sa phost a bhfuilimid ag cur agallaimh ort lena aghaidh, conas a rachfá i ngleic leis?*

Seachain ceisteanna **Fritorthúla**

- **Treoircheisteanna** a thugann leid don agallaí chun an freagra inmhianaithe a thabhairt
  - *Glacaim leis go gcreideann tú go…*
- Cuireann **Ilcheisteanna** mearbhall ar an agallaí
  - *An fearr leat do phost reatha seachas do phost deiridh, nó an mbeadh spéis agat i…*
- Ceisteanna **Fíorfhada**
  - *Nuair a bhí tú ag caint ansin rith sé liom a fhiafraí díot cad a cheap tú…*
- Ceisteanna **débhríocha**
  - *Cad faoi luach ar airgead?*
- Ceisteanna **reitriciúla**
  - *An ndeanann tú .. ar ndóigh déanann, nach ríshoiléir é sin. Deirimse i gcónaí…*

D'fhéadfaí **Ceisteanna Achoimrithe** a úsáid chun críoch a chur le topaic nó chun topaic a shoiléiriú *e.g.*

- *Is éard a chuala mise tusa a rá ná…*
- *An bhfuil tú a rá…*

Stiúir an t-agallamh i dtreo conclúide trí …

- cheist dhúshlánach a chur ag an tráth seo – (le tuairim is cúig nóiméad fós le himeacht)
  - *mar gur neamhdhóchúil go mbrisfí an dáimhiúlacht*
  - *agus má fhreagraítear ceist dheacair b'fhéidir go gcuirfeadh sé ar chumas an phainéil idirdhealú a dhéanamh idir sáriarrthóirí*
- dheis a thabhairt don iarrthóir

- *ceisteanna a chur*
- *aon bhearnaí atá fós ann a líonadh san eolas a sholáthair siad fúthu féin*

D'fhonn go mbeadh agallóireacht éifeachtach éilítear …

- go n-éisteann agallóirí
- go mbíonn cuma ar agallóirí gur spéis leo an t-ábhar
- go ndéanann agallóirí fiosrú trí cheistiú
- go mbíonn agallóirí dírithe ar an ábhar de shíor
- go ndéanann agallóirí tástáil ar thuiscint
- go ndéanann agallóirí measúnú ar na teachtaireachtaí a thug an t-agallaí
- go mbíonn mothúcháin agallóirí neodrach –go bhfanann siad dícheangailte ó thaobh na mothúchán de

Tá torann agus mearuithe fisiciúla agus aigne i measc na mbacainní **éisteachta** atá follasach. Tá siad seo a leanas i measc na mbacainní atá níos caolchúisí

- **Réamh-mheas** – ag brath nach gá duit éisteacht mar go bhfuil a fhios agat cad atá an t-iarrthóir ar tí a rá – d'fhéadfaí go gcríochnófá an abairt dó/di go fiú.
- **Ag insint agus ag díol** – glacann an t-agallóir ceannas ar an agallamh agus ní thugtar deis don iarrthóir caint
- **Steiréitíopa** – ag tuar cad atá an t-iarrthóir ar tí a rá de réir mar a shainíonn tú catagóir áirithe dó/di
- **Easpa suime nó taithí**
- **Cinnteoireacht anabaí** – rinne nó dúirt an t-iarrthóir rud éigin ag an tús a chuir as duit.

Déan cinnte nach maireann an **chéad éachtaint**

- ag déanamh an iarrthóra a mheas ar cén chuma atá air nó uirthi; ag tabhairt ardmharcanna don iarrthóir mar go gcuireann sé/sí an t-agallóir é/í féin i gcuimhne dó/di
- luaniarmhairt – ag ligean d'fhreagra maith amháin tábhacht níos mó bheith aige ná an chuid eile den fhianaise a fuarthas;
- iarmhairt dhiúltach – ag ligean d'fhreagra lag amháin tábhacht níos mó bheith aige ná an chuid eile den fhianaise a fuarthas;

Bíonn scileanna éisteachta lagfhorbartha ag formhór na ndaoine. Ní bhíonn ach 25% d'éisteacht éifeachtach. *i.e.* ní éistimid ach le, agus ní thuigimid ach ¼ den méid a chuirtear in iúl dúinn.

Níl se éasca ná nadúrtha bheith i do dhea-éisteoir – éilíonn sé cumas agus féinsmacht chun éisteacht leis an teachtaireacht a chuireann duine in iúl agus chun í a thuiscint agus an caidreamh á láidriú ag an am céanna. D'fhéadfadh feabhsú a tharlú i dtaca le héisteacht ag agallamh trí ullmhúchán cúramach – ma bhíonn a fhios agat cé leis a mbíonn tú ag súil bíonn tú níos airdeallaí ar chomharthaí chun cuidiú leat lena aimsiú. Féach le breathnú nadúrtha sa tsúil a choimeád, sméid do cheann agus tabhair ugach, déan rudaí a achoimriú ar bhonn rialta.

Ná cuir am amú ag cur ceiste a freagraíodh cheana féin mar fhreagra ar cheist roimh ré ach tabhair le fios gur freagraíodh an cheist áirithe sin.